**Fógra an Chinnidh faoi alt 139L**

Bheartaigh Coimisiún na Meán (an "Coimisiún"), i bhfeidhmiú na gcumhachtaí agus na ndualgas a thugtar dó le halt 139L den Acht Craolacháin 2009 (an "tAcht"), i ndiaidh comhairliúcháin le Google Ireland Limited agus leis an gCoiste Comhairleach don Ógra i gcomhréir le halt 139L(4)(a) agus (c) an Achta, le haird ar na cúrsaí atá leagtha amach in alt 139L(3) den Acht, ar an 17 Deireadh Fómhair 2024, an cód sábháilteachta ar líne a chur i bhfeidhm, arna dhéanamh ar an 10 Deireadh Fómhair 2024 agus a dtugtar an "Cód Sábháilteachta Ar Líne" air don tseirbhís YouTube.

Socraíonn an Coimisiún gurb é an **19 Samhain 2024** an spriocdháta le **Cuid A** den Chód Sábháilteachta Ar Líne a chur i bhfeidhm ag YouTube.

Socraíonn an Coimisiún gurb é an **21 Iúil 2025** an spriocdháta le **Cuid B** den Chód Sábháilteachta Ar Líne a chur i bhfeidhm ag YouTube.

**Niamh Hodnett**

**An Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne**

**Coimisiún na Meán**
17 Deireadh Fómhair 2024